Tá Cumann Peile Naomh Anna fíorshásta a bheith ag fáiltiú roimh lucht féachana arís ag cluichí ón 7ú Meitheamh ar aghaidh. Seo na socruithe a bhéas i bhfeidhm go ceann tamall bunaithe ar na treoracha atá fáighte ó Pháirc a' Chrócaigh.

- Ní ceadmhach ach **100 duine** sa bhreis ar na foirne, an fhoireann bainistíochta, réiteoir agus lucht eagraithe.
- Beidh ar **gach duine** atá ós cionn 13 bliana d'aois **Masc Aghaidhe** a chaitheamh, fiú agus iad taobh amuigh. Ní scaoilfear aon duine gan masc isteach geataí na páirce.
- Scaradh sóisialta a chleachtadh agus do dhíghalarán láimhe féin a thabhairt leat.
- Ní ceadmhach ag aon am lucht féachana a bheith ar an bpáirc imeartha.
- Gan freastal ar chluiche má bhraitheann tú tinn le haon chineál siomptóm a bhaineann le Covid-19.
- Is tú féin a bhéas freagrach as rianú teagmhála sa gcás agus dá dtiocfadh dearbhú Covid-19 chun cinn, mar sin moltar duit súil a choinneáil ar do chuid teagmhálacha féin agus tú ag an gcluiche.